C/2026/3615

8.7.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12461 — ARES / ENI / PLENITUDE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/3615)

1. An 29 Meitheamh 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Ares Management Corporation ('Ares', na Stáit Aontaithe), faoi rialú Ares Partners HoldCo LLC ('Ares Partners', na Stáit Aontaithe),

— Eni S.p.A ('Eni', an Iodáil),

— Eni Plenitude S.p.A Società Benefit ('Eni Plenitude', an Iodáil), faoi rialú aonair Eni faoi láthair.

Gheobhaidh Ares agus Eni rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Eni Plenitude.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is bainisteoir infheistíochta malartaí domhanda é Ares agus cuireann sé réitigh chomhlántacha infheistíochta príomha agus tánaistí ar fáil do chliaint ar fud cineálacha sócmhainní an chreidmheasa, na réadmhaoine, an chothromais phríobháidigh, agus an bhonneagair,

— Is grúpa fuinnimh ola agus gáis é ENI agus tá sé gníomhach ar fud an domhain i dtaiscéalaíocht, táirgeadh, scagadh agus margú ola agus gáis nádúrtha, agus i nginiúint agus díol leictreachais agus san aistriú i dtreo réitigh mhalartacha fuinnimh.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais Eni Plenitude:

— Tá Eni Plenitude gníomhach i dtáirgeadh leictreachais ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite, i miondíol leictreachais agus gáis nádúrtha le custaiméirí baile agus custaiméirí nach custaiméirí baile iad araon, in earnáil na soghluaisteachta leictrí, agus i soláthar seirbhísí éifeachtúlachta fuinnimh.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t- idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12461 — ARES / ENI / PLENTITUDE

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË